# Scéal, Scéal, Scéal…

**7 Nollaig 2023** || Eagrán 177

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*




**Scaip an scéal!**

# IONAD OIDEACHAIS AGUS ÓIGE IN INDREABHÁN

I mí Feabhra seo caite, d'fhógair Airí na Gaeltachte go mbeadh €10 milliún ar fáil chun Ionad Oideachais agus Oiliúna a thógáil ar an suíomh ina bhfuil Coláiste Lurgan suite. Is iad Údarás na Gaeltachta a bheidh i gceannnas ar úinéireacht agus ar bhainistíocht an ionaid. Le cúpla mí anuas chas Údaras na Gaeltachta le grúpaí áitiúla chun a gcuid smaointe a roinnt leo.
Dé Luain seo caite, reáchtáladh seisiún eolais don phobal chun na pleananna don ionad a roinnt. Ag an gcruinniú seo, léiríodh go mbeidh halla ilfheidhmeach, amharclann, seomraí ranga agus cistin ar an láthair, mar chuid den fhoirgneamh nua. Beidh spás spraoi agus áit pháirceála taobh amuigh freisin. Tá súil acu go mbeidh an t-ionad tógtha faoi Fhómhar 2025. Is é Coláiste Lurgan a bheidh mar phríomhthionónta ann ó mhí Meithimh go dtí mí Meán Fómhair.  Beidh sé ina áis oideachais, óige, spóirt agus pobail an chuid eile den bhliain. Seo thíos dréacht den dearadh nua, a léiríodh ag an gcruinniú poiblí ar an Luan.



# BANÚ
# COISTE TITHÍOCHTA

**Bhí an chéad chruinniú cosite ag BÁNÚ - grúpa oibre atá tagtha le chéile le dul i ngleic le géarchéim na tithíochta sa nGaeltacht, ar an Domhnach seo caite. Toghadh na hoifigigh seo a leanas:**

**Cathaoirleach: Aoife Ní Chonghaile**
**Oifigeach Caidreamh Poiblí: Adhna Ní Bhraonáin**
**Rúnaí: Áighne Ní Chadhain**
**Cisteoir: Katie Mc Greal**
**Leas-chathaoirleach: Donncha Ó hÉallaithe**
**Leas-Rúnaí: Aindriú de Buitléir**

**Is iad seo a leanas na príomhéilimh atá aontaithe ag an gCoiste:**
**(i) go mbeadh an cúram curtha ar Údarás na Gaeltachta dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta sa nGaeltacht agus chuige sin go dtabharfaí an chumhacht don Údarás chomh maith leis an maoiniú, le cur ar chumas Údarás na Gaeltachta talamh a cheannach, ar a bhféadfaí suíomhanna le seirbhísí a réiteach, le cur ar fáil do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh cur futhu sa nGaeltacht;**
**(ii) go ndéanfadh Roinn na Gaeltachta usáid a bhaint as Acht na dTithíochta Gaeltachta, le tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach a thógáil sa nGaeltacht;**
**(iii) go leagfaí síos rialacha i gcás tithe atá le ligean ar chíos sa nGaeltacht le go dtabharfaí tús áite do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh áit chónaithe a thógáil ar cíos go fadthéarmach;**
**(iv) go bhfoilseofaí an dréacht de na treoirlínte atá réitithe ag an Aire Tithíochta maidir le dualgas reachtúil na n-údarás pleanála i dtaobh caomhnú na Gaeilge mar theanga phobail sa nGaeltacht.**
**Beidh cruinniú eile acu ar an Domhnach 10 Nollaig le plean gnímh a chur le chéile.**



# GRADAIM NA GAELTACHTA

**Bhailigh ionadaithe ó eagraíochtaí agus ó choistí pobail Gaeltachta le chéile do bhronnadh Ghradaim na Gaeltachta Déardaoin seo caite in Óstán Chois Fharrige. Tugann an comórtas náisiúnta aitheantas don obair mhór atá á déanamh ag eagraíochtaí forbartha pobail agus do na tograí fiúntacha agus suimiúla atá á gcur chun cinn. Tháinig dhá dhuais go Cois Fharraige agus tréaslaíonn muid a ngradaim leis na buaiteoirí. Ina measc bhí Ceoltóirí Óga Chois Fharraige a thug leo Gradam Glúin Z na Gaeltachta, don togra 'Taisce Chois Fharraige'.**




**Bronnadh 'Gradam Coistí Pobail Deonacha san Iarthar' ar Chumann Forbartha Chois Fharraige as Comharthaí na mBóithríní Beaga. Is iad Pádraic Ó Fatharta agus Breandán Ó Tuairisg atá sa bpictiúr le Tomás ó Síocháin.**





# POTA
## CAFÉ

# Taispeántas Cócaireachta Nollag

**Siamsaíocht, Scailtín Fíona agus Pióga Mionra**

**páirtmhaoinithe ag**
**Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga**



**POTA Café, An Tulach**
**Dé hAoine**
**8 Nollaig, 2023**
**6.30-9pm**

**€20**
**eventbrite.ie**

gnáthphraghas €30, lascaine a bhuíochas le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# TAISPEÁNTAS CÓCAIREACHTA NA NOLLAG

**Tá taispeántas cócaireachta á reáchtáil ag Diarmuid Ó Mathún, úinéir POTA ar an Aoine 8 Nollaig! Ag an ócáid oíche amárach, tabharfaidh Dairmuid léargas ar na bealaí éagsúla le béilí agus blaisíní na Nollag a réiteach. Ní hamháin sin ach beidh blaisíní agus braoiníní ar fáil don lucht freastail freisin! Bhain daoine an-sásamh as na taispeántais a d'eagraigh Diarmuid cheana agus b'ócáidí cuideachtúla, cairdiúla, gealgháireacha iad inar roinn daoine a gcuid taithí agus a gcuid leideanna féin ar a chéile. Tapaigh do dheis agus laghdaigh ar an strus a bhaineann le cócaireacht na Nollag scaití tré chúpla cleas cliste agus cúpla oideas simplí a fháil ó Dhiarmuid! Is féidir ticéad a chur in áirithe ag an seoladh seo https://www.eventbrite.ie/e/pota-cafe-taispeantas-cocaireachta-nollag-tickets-769143538027?aff=erelexpmlt**

# CEANNAIGH I gCOIS FHARRAIGE

**Tá lascaine de 10% á thairiscint ag Tigh Standún ar cheannchán de dhearbhán ar bith, suas go dtí Domhnach 10 Nollaig. Is féidir na dearbháin a cheannach ar líne nó ag an siopa. Chomh maith leis na dearbháin, cuireann Tigh Standún táirgí áille ar fáil don teach, chomh maith le éadaí, seodra, leabhair agus bréagáin do ghasúir.**









# CROÍLÍNE CHOIS FHARRAIGE
# 5K NA NOLLAG




**Is eagraíocht phobail í Croílíne Chois Fharraige a bunaíodh chun aíseanna a chur ar fáil le freagairt sciobtha, éifeachtach a dhéanamh ar Stad Chardiach Tobann. Chun airgead a bhailiú don charthanacht iontach seo, tá deis ag an bpobal, rith, nó siúlóid spraíúil 5K ar do luas féin, ar ndóigh, a dhéanamh ar an gCéadaoin 27 Nollaig ag 12.30 i.n. Le níos mó eolais a fháil agus le clárú is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh: www.croiline.com**

# ATHRÚ AERÁIDE - TEACHTAIREACHT Ó CHOIS FHARRAIGE GO COP

**Chuir John Caulfield ó Ollscoil na Gaillimhe, agus a bhfuil cónaí air sa Spidéal, tús le sraith ceardlanna le grúpaí scoláirí ó Choláiste Cholmcille agus ó Choláiste Chroí Mhuire le teachtaireacht láidir ó Chois Fharraige a sheoladh le toscaireacht na hOllscoile chuig an gcruinniú COP28 a bhí le teacht le chéile i Dubai le gairid. Phléigh saineolaithe áitiúla ábhair éagsúla ar nós an portach, an cladach, bithéagsúlacht agus na bealaí is fearr le bia a fhás sna ceardlanna. Réitigh na scoláirí litir mar thoradh ar na ceardlanna agus an plé suimiúil a tháinig astu. Bunaithe ar an litir seo, rinneadh taifeadadh ar fhíseán, atá le feiceáil anseo: https://www.youtube.com/watch?v=tyCLamWoICE&t=6s agus thug roinnt de na scoláirí a bhí páirteach ann cuairt ar an Ollscoil leis an litir a bhronnadh ar thoscaireacht na hOllscoile.**






# AN LITIR Ó ÓGÁNAIGH CHOIS FHARRAIGE

A Dhomhain mhóir,

Ón bpobal beag seo ar imeall na hEorpa, tá bhur gcuid cúnaimh á éileamh againn.
Tá cónaí orainn ar chósta thiar na hÉireann, idir portach agus cladach, áit a raibh meas riamh ann ar an bhfarraige. Nuair a bhíonn sí socair téimid ag snámh agus ag iascaireacht. Ach le teacht an athrú aeráide, tá na rudaí is luachmhaire linn ag éirí ina mbagairt.

Tá leibhéal agus teocht na farraige ag fás go leanúnach. Tá stoirmeacha an Atlantaigh níos cumhachtaí, níos coitianta. Tá líon na báistí ag méadú gan stad. Is léir go bhfuil na séasúir féin as riocht.

Táimid buíoch as an trá, na garrantaí, an portach agus gach a mhaireann ann. Ach táimid buartha freisin. Fiú le linn ár saol, feicimid taisce na timpeallachta ag dul i léig.

Ní hé an t-aos óg a dhóigh an ola, a bhain an mhóin, a leag na crainnte. Ach is muid a bheas thíos leis. Tá an ghlúin seo réidh le tabhairt faoin athrú aeráide le fonn agus fuinneamh. Ach an bhfuil sibhse?

Seasaimis le chéile, mar phobal daonna domhanda, is déanaimis beart de réir ár mbriathar.

Is muide le dóchas,
Déagóirí Chois Fharraige.

# AN COIMISINÉIR TEANGA NUA

Tá Séamas Ó Concheanainn as Baile an tSagairt sa Spidéal ceaptha ina Choimisinéir Teanga ag Uachtarán na hÉireann. Is é Séamas an tríú Coimisinéir Teanga sa Stát agus ceapadh é tráth a mbeidh plean nua náisiúnta do sheirbhísí i nGaeilge á thabhairt isteach. De réir na reachtaíocht teanga is déanaí a tugadh isteach beidh cumhachtaí breise ag an gCoimisinéir Teanga, ina measc go mbeidh an chumhacht aige monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha eile a bhaineann le cúrsaí Gaeilge. Chaithfeadh an Coimisinéir Teanga gearán a fháil ón bpobal roimhe seo maidir le sárú a bheith déanta sula bhféadfadh sé an t-ábhar a imscrúdú. Bhí Séamas fostaithe mar Stiúrthóir in Oifig an Choimisinéara Teanga ó Fhómhar na bliana 2020. Bhí sé i gceannas ar Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna roimhe sin.

# SCANNÁN FAOI GAZA

Léireoidh Club Scannán Sailearna an scannán GAZA ar an Satharn 9 Nollaig, i seomra atá ag Coláiste Lurgan, ar chúl an Chomhar Creidmheasa. Scannán faisnéise atá ann a rinneadh sa mbliain 2019, a thugann léargas ar chomh uafásach is atá an saol don dá mhilliún Palaistíneach atá sáinnithe i Gaza de bharr na coimhlinte. Beirt Éireannach, Garry Keane agus Andrew Mc Connell, a rinne an scannán faisnéise, atá thart ar 90 nóiméad ar fhad. Tá an scannán á léiriú le airgead a bhailiú do charthanacht AMJAAD, atá ag cur beatha agus cogaisí leighis ar fáil do mhuintir Gaza faoi láthair. Tá ticéid le fáil ag: www.clubscannan.ie